Our world
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

AIMSIR

An raibh a fhios agat go bhfuil breis is 40 focal ag na hIonúitigh le cur síos ar shneachta? Dar ndóigh ní bheidh aon ionadh ort a chloisteáil go mbíonn NEART sneachta ina dtír siúd!

Cé mhéad focal atá ag na hÉireannaigh ar bháisteach, meas tú? Ar chuala tú aon cheann de na frásaí seo riamh?

Greadadh báisti (báisteach throm a bhíonn ag clagarnach anuas)
Ceobhrán and brádán (báisteach cheomhar éadrom a thiteann ina mionbhraonta)
Seadbháisteach (báisteach a bhíonn á séideadh ag an bhfarraige — an cineál nach dtugann scáth báisti aon chosaint virthi)
Tá sé ag doirteadh (báisteach throm a bhíonn ag stealladh anuas ina tuilte)

Féadann an aimsir dul i gcion go mór ar theanga agus cultúr tíre!

Roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí thíos:

1. Lig ort féin gur tuairisceoir aimsire thú agus cruthaigh do thuairisc féin i nGaeilge. D'fhéadfá Éirinn a roghnú don tuairisc, nó d'fhéadfá í a dhéanamh faoi cheann de sprìocthíortha Chúnamh Éireann (an Aetóip, an tSaimbia, Vítneam, Uganda, Siarra Leon, Malávach, Mósaimbíc, an Tansáin).

2. Scríobh dán ina mbaineann tú leas as a oiread frásaí aimsire i nGaeilge agus is féidir leat!



Our world
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

TUAIRISC AIMSIRE

Teocht: Gaoth: Báisteach:

Our World
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

DÁN FAOIN AIMSIR

Teideal: